



Uimhir 46 de 2015

An tAcht um Gníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015



Uimhir 46 de 2015

**AN tACHT UM GHNÍOMHÚ AERÁIDE AGUS UM FHORBAIRT ÍSEALCHARBÓIN,
2015**

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Léiriú
2. Éifeacht an Achta
3. Aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin
4. Plean náisiúnta um aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus um maolú ísealcharbóin
5. Creat náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide
6. Plean oiriúnúcháin earnála
7. Nithe a bheidh le cur i gcuntas, agus comhchomhairle, chun críocha *ailt 5* agus *6*
8. An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide a bhunú
9. Comhaltas na Comhairle Comhairlí agus nithe gaolmhara
10. Leasanna a nochtadh
11. Feidhmeanna ginearálta na Comhairle Comhairlí
12. Athbhreithniú bliantúil ag an gComhairle Chomhairleach agus tuarascáil bhliantúil uathí
13. Athbhreithniú tréimhsiúil ag an gComhairle Chomhairleach
14. Ráiteas bliantúil i dtaobh aistriú a thíolacadh do gach Teach den Oireachtas
15. Dualgais comhlachtaí áirithe
16. Gearrtheideal

NA HACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

Acht na gCuideachtaí, 1990 (Uimh. 33)

Acht na gCuideachtaí, 2014 (Uimh. 38)

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Uimh. 22)

An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014 (Uimh. 30)

An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 (Uimh. 37)



Uimhir 46 de 2015

AN tACHT UM GHNÍOMHÚ AERÁIDE AGUS UM FHORBAIRT ÍSEALCHARBÓIN, 2015

Acht do dhéanamh socrú maidir leis an Rialtas do cheadú pleananna i ndáil leis an athrú aeráide d'fhonn an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, aeráid-díonach agus inchothaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shaothrú; do bhunú comhlacht ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide, nó, sa Bhéarla, *The Climate Change Advisory Council*; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe a bhaineann leis an méid sin.

10 Nollaig 2015

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Léiriú

1. San Acht seo—

ciallaíonn “Acht 2001” an tAcht Rialtais Áitiúil, 2001;

ciallaíonn “Gníomhaireacht” an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil;

ciallaíonn “oiriúnú” aon ní a chur in oiriúint—

(a) d’aon chóras arna dhearadh nó arna oibriú ag daoine, lena n-áirítear córas eacnamaíochta, talmhaíochta nó teicneolaíochta, nó

(b) d’aon chóras nádúrtha, lena n-áirítear éiceachóras,

lena mbeartaítear gníomhú i gcoinne éifeachtaí (iarbhír nó réamh-mheasta) spreagthach aeráide, cosc nó maolú a chur ar dhamáiste comhshaoil de thoradh athrú aeráide nó buntáistí comhshaoil a thabhairt;

tá le “Comhairle Chomhairleach” an bhrí a shanntar dó le *halt 8(2)*;

ciallaíonn “creat oiriúnúcháin náisiúnta ceadaithe” creat oiriúnúcháin náisiúnta arna cheadú ag an Rialtas faoi *alt 5* agus folaíonn sé aon athrú nó athleasú ar an gcreat sin arna dhéanamh de réir an ailt sin;

ciallaíonn “plean maolúcháin náisiúnta ceadaithe” plean maolúcháin náisiúnta arna cheadú ag an Rialtas faoi *alt 4* agus folaíonn sé aon athrú nó athleasú ar an bplean sin arna dhéanamh de réir an ailt sin;

ciallaíonn “plean oiriúnúcháin earnála ceadaithe” plean oiriúnúcháin earnála arna cheadú ag an Rialtas faoi *alt 6* agus folaíonn sé aon athrú nó athleasú ar an bplean oiriúnúcháin earnála sin arna dhéanamh ag an Rialtas faoi *alt 6(8)* nó athrú nó athleasú ar an bplean sin arna dhéanamh de réir *alt 6*;

ciallaíonn “astaíochtaí”, i ndáil le gáis ceaptha teasa, astaíochtaí na ngás sin isteach in atmaisféar an domhain is inchurtha i leith gníomhaíochtaí tionsclaíocha nó talmhaíochta nó gníomhaíochtaí eile daoine sa Stát;

ciallaíonn “lá bunaithe” an lá a cheapfar faoi *alt 8(1)*;

ciallaíonn “gás ceaptha teasa”—

- (a) dé-ocsaíd carbóin,
- (b) meatán
- (c) ocsaíd nítriúil,
- (d) hidreafluoracarbóin,
- (e) sárfhuaracarbóin,
- (f) heicseafluairíd sulfair, nó
- (g) trífhluairíd nítrigine;

tá le “údarás áitiúil” an bhrí a shanntar dó le hAcht 2001;

ciallaíonn “Aire” an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil;

ciallaíonn “maolú” aon idirghabháil ag duine arb é an aidhm atá léi tionchair dhíobhálacha ar chóras aeráide an domhain a laghdú, lena n-áirítear gníomhú arb é an aidhm atá leis astaíochtaí a laghdú agus linnte a chruthú nó a fheabhsú;

tá le “creat oiriúnúcháin náisiúnta” an bhrí a shanntar dó le *halt 5(1)*;

tá le “plean maolúcháin náisiúnta” an bhrí a shanntar dó le *halt 4(1)*;

tá le “cuspóir náisiúnta maidir le haistriú” an bhrí a shanntar dó le *halt 3(1)*;

tá le “athbhreithniú tréimhsiúil” an bhrí a shanntar dó le *halt 13*;

forléireofar “tuarascáil ar athbhreithniú tréimhsiúil” de réir *alt 13(5)*;

ciallaíonn “bhaint”, i ndáil le gáis ceaptha teasa, na gáis sin a bhaint as atmaisféar an domhain de dhroim linnte a chruthú nó a fheabhsú, nó athrú ar úsáid talún, sa Stát;

forléireofar “plean oiriúnúcháin earnála” de réir *alt 6(1)*;

forléireofar “bearta maolúcháin earnála” de réir *alt 4(2)(d)*;

ciallaíonn “linn”—

- (a) próiseas nó gníomhaíocht (lena n-áirítear fótaisintéis), cibé acu nádúrtha nó de dhéantús an duine, a thugann cabhair chun gás ceaptha teasa amháin nó níos mó a bhaint as atmaisféar an domhain nó a chuidíonn leis an gcéanna, nó

- (b) éiceachóras nó sásra (cibé acu nádúrtha nó de dhéantús an duine), nó cuid de sin, a thugann cabhair chun gás amháin nó níos mó de na gáis sin a bhaint as atmaisféar an domhain nó a chuidíonn leis an gcéanna.

Éifeacht an Achta

2. Ní oibreoidh aon ní san Acht seo, i bplean maolúcháin náisiúnta, i gcreat oiriúnúcháin náisiúnta ná i bplean oiriúnúcháin earnála chun difear a dhéanamh—

- (a) d'oibleagáidí láithreacha nó todhchaí de chuid an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear—
- (i) Treoir 2001/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Meitheamh 2001¹ maidir le héifeachtaí pleananna agus clár áirithe ar an gcomhshaol a mheasúnú,
 - (ii) Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992² maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú,
 - (iii) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003³ lena mbunaítear scéim i ndáil le trádáil ar lamháltais i gcomhair astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Chomhphobal agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle, agus
 - (iv) Cinneadh Uimh. 406/2009/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Aibreán 2009⁴ maidir le hiarracht Ballstát a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi chomhair ghealltanais an Chomhphobail ar aghaidh go dtí 2020 astú gás ceaptha teasa a laghdú,
- (b) d'oibleagáidí láithreacha nó todhchaí de chuid an Stáit faoi aon chomhaontú idirnáisiúnta,
- (c) d'aon Acht den Oireachtas nó d'aon ionstraim arna déanamh faoi lena dtugtar éifeacht, nó tuilleadh éifeachta, d'aon oibleagáid den sórt sin, nó
- (d) do theidlíochtaí láithreacha nó todhchaí de chuid an Stáit nó aon duine faoin dlí sin, faoi aon chomhaontú den sórt sin nó faoi aon Acht den sórt sin den Oireachtas nó faoi aon ionstraim den sórt sin.

Aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin

3. (1) Chun a chumasú don Stát an t-aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, aeráid-díonach agus inchothaithe ó thaobh an chomhshaoil de a shaothrú agus a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2050 (dá ngairtear an “cuspóir náisiúnta maidir le haistriú” san Acht seo), déanfaidh an tAire na nithe seo a leanas agus cuirfidh sé nó sí faoi bhráid an Rialtais iad lena gceadú—

- (a) plean maolúcháin náisiúnta, agus
- (b) creat oiriúnúcháin náisiúnta.

¹I.O. Uimh. L197, 21.07.2001, lch. 30

²I.O. Uimh. L206, 22.07.1992, lch. 7

³I.O. Uimh. L275, 25.10.2003, lch. 32

⁴I.O. Uimh. L140, 05.06.2009, lch. 136

- (2) Nuair a bheidh plean nó creat, dá dtagraítear i *bhfo-alt (1)*, á bhreithniú ag an Rialtas lena cheadú, féachfaidh sé leis an gcuspóir náisiúnta maidir le haistriú a bhaint amach laistigh den tréimhse lena mbaineann an cuspóir agus cinnteoidh sé, agus é ag féachaint leis an gcuspóir sin a bhaint amach, go mbainfear amach an cuspóir sin trí bhearta atá costéifeachtach a chur i ngníomh agus tabharfaidh sé aird, chun na críche sin, ar na nithe seo a leanas—
- (a) an cuspóir deiridh a shonraítear in Airteagal 2 de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Athrú Aeráide a rinneadh i Nua-Eabhrac an 9 Bealtaine 1992 agus aon ghealltanas maidir le maolú arna dhéanamh ag an Aontas Eorpach mar fhreagairt ar an gcuspóir sin nó i ndáil leis ar shlí eile,
- (b) beartas an Rialtais maidir leis an athrú aeráide,
- (c) ceartas aeráide,
- (d) aon oibleagáid láithreach de chuid an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó aon chomhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in *alt 2*, agus
- (e) an fardal náisiúnta astaíochtaí gás ceaptha teasa is déanaí agus an réamh-mheastachán is déanaí ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa todhchá, a bheidh ullmhaithe ag an nGníomhaireacht.

Plean náisiúnta um aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus um maolú ísealcharbóin

4. (1) Maidir leis an Aire—

- (a) tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis an tAcht seo a rith, agus
- (b) uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse 5 bliana,

déanfaidh sé nó sí plean, ar a dtabharfar plean náisiúnta um aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin agus um maolú ísealcharbóin (dá ngairtear “plean maolúcháin náisiúnta” san Acht seo), agus cuirfidh sé nó sí faoi bhráid an Rialtais é lena cheadú.

(2) Maidir le plean maolúcháin náisiúnta—

- (a) sonrófar ann an modh ar a mbeartaítear an cuspóir náisiúnta maidir le haistriú a bhaint amach,
- (b) sonrófar ann na bearta beartais ba ghá, i dtuairim an Rialtais, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhainistiú agus gás ceaptha teasa a bhaint ar leibhéal is cuí chun baint amach an chúspóra náisiúnta maidir le haistriú a chur chun cinn,
- (c) cuirfear i gcuntas ann aon oibleagáid láithreach de chuid an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó aon chomhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in *alt 2*, agus
- (d) sonrófar ann na bearta beartais maolúcháin (dá ngairtear na “bearta maolúcháin earnála” san Acht seo) a bheidh le glacadh ag na hAíre den Rialtas, dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(a)*, i ndáil leis na nithe a bhfuil freagracht ar gach Aire díobh sin den Rialtas ina leith—
- (i) chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus
- (ii) chun a chumasú go mbainfear amach an cuspóir náisiúnta maidir le haistriú.

- (3) D'fhonn na bearta maolúcháin earnála, a bheidh le sonrú le haghaidh na n-earnálacha éagsúla de réir *fho-alt (2)(d)*, a áireamh sa phlean maolúcháin náisiúnta—
- (a) iarrfaidh an Rialtas ar cibé Airí den Rialtas is cuí leis na bearta maolúcháin earnála a bheartaíonn gach Aire díobh sin den Rialtas a ghlacadh i ndáil leis na nithe a bhfuil freagracht ar gach duine de na hAirí sin den Rialtas ina leith a chur faoi bhráid an Aire laistigh de thréimhse shonraithe,
- (b) déanfaidh Aire den Rialtas a ndéanfar iarraidh faoi *mhír (a)* chuige nó chuici na bearta maolúcháin earnála a bheidh le glacadh aige nó aici a chur faoi bhráid an Aire laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe ag an Rialtas agus, i gcás go ndéanfar iarraidh den sórt sin chuig an Aire, ullmhóidh an tAire na bearta maolúcháin earnála a bheidh le glacadh aige nó aici laistigh den tréimhse a bheidh sonraithe ag an Rialtas,
- (c) déanfaidh an tAire, ar na bearta maolúcháin earnála a bheidh curtha faoina bhráid nó faoina bráid de réir *mhír (b)* a fháil, na bearta maolúcháin earnála a bheidh curtha faoina bhráid nó faoina bráid ag gach Aire den Rialtas a áireamh sa phlean maolúcháin náisiúnta, agus i gcás na mbeart maolúcháin earnála a bheidh ullmhaithe ag an Aire, áireoidh an tAire na bearta sin sa phlean maolúcháin náisiúnta,
- (d) maidir le hAire den Rialtas dá dtagraítear i *mír (b)*, i ndáil leis na bearta maolúcháin earnála a bheidh le glacadh aige nó aici agus sula gcuirfidh sé nó sí na bearta maolúcháin earnála faoi bhráid an Aire—
- (i) rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an Aire agus le haon Aire eile den Rialtas a shonróidh an tAire agus, i gcás go ndéanfar iarraidh dá dtagraítear i *mír (b)* chuig an Aire, rachaidh an tAire i gcomhairle le cibé Airí eile den Rialtas is cuí leis nó léi,
- (ii) déanfaidh sé nó sí na nithe dá dtagraítear sna míreanna seo a leanas a chur i gcuntas—
- (I) *míreanna (a), (b)* agus *(c) d'fho-alt (2)*, agus
- (II) *míreanna (a), (b), (c), (d), (e), (f), (h)* agus *(i) d'fho-alt (7)*,
- agus
- (iii) rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an gComhairle Chomhairleach,
- agus
- (e) déanfaidh an Rialtas, le linn dó an tréimhse dá dtagraítear i *mír (a)* a shonrú, aird a thabhairt ar an tréimhse a shonraítear i *bhfo-alt (1)*.
- (4) Féadfaidh an Rialtas—
- (a) ceadú a thabhairt, nó
- (b) ceadú a thabhairt, faoi réir cibé modhnuithe is cuí leis,
- maidir le plean maolúcháin náisiúnta a bheidh curtha faoina bhráid faoin alt seo.

- (5) Féadfaidh an tAire, tar éis tuarascáil ar athbhreithniú tréimhsiúil a chur faoi bhráid an Rialtais de réir *alt 13* agus tar éis aird a thabhairt ar an tuarascáil sin, plan (dá ngairtear “plan maolúcháin náisiúnta” freisin san Acht seo) ag athrú, ag athleasú nó ag ionadú plan maolúcháin náisiúnta ceadaithe a dhéanamh agus a chur faoi bhráid an Rialtais lena cheadú.
- (6) Féadfaidh an Rialtas plan maolúcháin náisiúnta a bheidh ceadaithe aige faoin alt seo a athrú nó a athleasú.
- (7) Déanfaidh an tAire agus an Rialtas na nithe seo a leanas a chur i gcuntas le linn dóibh feidhmeanna faoin alt seo a chomhlíonadh:
- (a) an gá atá ann aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—
- (i) aon oibleagáid láithreach de chuid an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó aon chomhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in *alt 2*,
- (ii) gealltanais maidir le maolú is dóigh a dhéanfaidh an Stát sa todhchaí agus an géarghá eacnamaíoch le gníomh a dhéanamh go luath ar bhealach costéifeachtach, agus
- (iii) an gá atá ann a bheith ábalta gníomhú go tapa mar fhreagra ar tharluithe agus imthosca eacnamaíochta agus comhshaoil;
- (b) an gá atá ann forbairt inchothaithe a chur chun cinn;
- (c) an gá atá ann buntáiste a bhaint as deiseanna sa gheilleagar, atá inchothaithe ó thaobh an chomhshaoil de, laistigh agus lasmuigh den Stát;
- (d) an gá atá ann cuspóirí plan maolúcháin náisiúnta a bhaint amach ar an gcostas is lú don gheilleagar náisiúnta agus bearta a ghlacadh atá costéifeachtach agus nach gcuirfidh ualach míréasúnach ar an Státchiste;
- (e) comhairle iomchuí eolaíoch nó theicniúil;
- (f) torthaí aon taighde ar éifeachtacht beart maolúcháin agus beart oiriúnúcháin;
- (g) na bearta maolúcháin earnála a áirítear sa phlean maolúcháin náisiúnta de bhun *fho-alt (2)(d)* a bheidh le glacadh ag gach Aire den Rialtas i ndáil leis na nithe a bhfuil freagracht ar gach Aire díobh sin den Rialtas ina leith;
- (h) i gcás go mbeidh plan maolúcháin náisiúnta ceadaithe ag an Rialtas, an plan maolúcháin náisiúnta is déanaí a ceadáodh;
- (i) aon mholtaí nó comhairle ón gComhairle Chomhairleach;
- (j) bearta maolúcháin, a bheidh sonraithe i bhfógra don Aire nó don Rialtas faoi *fho-alt (13)*; agus
- (k) cosaint shláinte an phobail.
- (8) Déanfaidh an tAire, sula ndéanfaidh sé nó sí plan maolúcháin náisiúnta—
- (a) dréacht den phlean maolúcháin náisiúnta a bheartaíonn sé nó sí a dhéanamh a fhoilsiú i cibé slí is cuí leis nó léi,

- (b) fógra a fhoilsiú ar an idirlíon agus i níos mó ná nuachtán amháin a scaiptear sa Stát á iarraidh ar dhaoine den phobal agus ar aon pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn i ndáil leis an bplean maolúcháin náisiúnta atá beartaithe laistigh de cibé tréimhse (nach faide ná 2 mhí ó dháta foilsithe an fhógra) a shonrófar san fhógra, agus
- (c) aird a thabhairt ar aon aighneachtaí a dhéanfar de bhun agus de réir fógra faoi *mhír (b)*.
- (9) (a) Féadfaidh an Rialtas dul i gcomhairle leis an gComhairle Chomhairleach chun go gcomhlíonfaidh sé a fheidhmeanna faoin alt seo.
- (b) Rachaidh an tAire i gcomhairle leis an gComhairle Chomhairleach chun go gcomhlíonfaidh sé nó sí a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoin alt seo.
- (10) Leagfar plean maolúcháin náisiúnta faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis don Rialtas é a cheadú.
- (11) Ní dhéanfar plean maolúcháin náisiúnta a chur i ngníomh mura mbeidh sé ceadaithe ag an Rialtas de réir an ailt seo.
- (12) Déanfaidh Aire den Rialtas, le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar phlean maolúcháin náisiúnta a bheidh ceadaithe ag an Rialtas faoin alt seo.
- (13) Féadfaidh údarás áitiúil fógra i scríbhinn a thabhairt don Aire nó don Rialtas á rá—
- (a) go bhfuil sé ar intinn aige, nó
- (b) go ndearna sé,
- cibé bearta maolúcháin a ghlacadh a bheidh sonraithe san fhógra lena mbaineann i ndáil le limistéar riaracháin an údaráis áitiúil sin.

Creat náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide

5. (1) (a) Tráth nach déanaí ná 24 mhí tar éis an tAcht seo a rith, déanfaidh an tAire plean, ar a dtabharfar creat náisiúnta um oiriúnú don athrú aeráide (dá ngairtear “creat oiriúnúcháin náisiúnta” san Acht seo), agus cuirfidh sé nó sí an plean sin faoi bhráid an Rialtais lena cheadú.
- (b) Maidir leis an Aire—
- (i) déanfaidh sé nó sí creat oiriúnúcháin náisiúnta a bheidh ceadaithe ag an Rialtas faoin alt seo a athbhreithniú uair amháin ar a laghad i ngach tréimhse 5 bliana, agus
- (ii) féadfaidh sé nó sí, agus aird á tabhairt aige nó aici ar an athbhreithniú sin agus ar na ceanglais maidir le hoiriúnú i ndáil le héifeachtaí an athraithe aeráide, creat oiriúnúcháin náisiúnta a dhéanamh agus a chur faoi bhráid an Rialtais lena cheadú.
- (2) Maidir le creat oiriúnúcháin náisiúnta—

- (a) sonrófar ann an straitéis náisiúnta maidir le bearta oiriúnúcháin a chur chun feidhme in earnálacha éagsúla agus maidir le húdarás áitiúil do chur chun feidhme beart oiriúnúcháin ina limistéar riaracháin d'fhonn—
- (i) leochaileacht an Stáit a laghdú i dtaca le drochéifeachtaí an athraithe aeráide, agus
- (ii) leas a bhaint as dea-éifeachtaí an athraithe aeráide a tharlóidh,
- agus
- (b) cuirfear i gcuntas ann aon oibleagáid láithreach de chuid an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó aon chomhaontú idirnáisiúnta, dá dtagraítear in *alt 2*.
- (3) Déanfaidh an tAire, sula ndéanfaidh sé nó sí creat oiriúnúcháin náisiúnta a chur faoi bhráid an Rialtais lena cheadú—
- (a) dréacht den chreat oiriúnúcháin náisiúnta a bheartaíonn sé nó sí a dhéanamh a fhoilsiú i cibé slí is cuí leis nó léi,
- (b) fógra a fhoilsiú ar an idirlíon agus i níos mó ná nuachtán amháin a scaiptear sa Stát á iarraidh ar dhaoine den phobal agus ar aon pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn i ndáil leis an gcreat oiriúnúcháin náisiúnta atá beartaithe laistigh de cibé tréimhse (nach faide ná 2 mhí ó dháta foilsithe an fhógra) a shonrófar san fhógra, agus
- (c) aird a thabhairt ar aon aighneachtaí a dhéanfar de bhun agus de réir fógra faoi *mhír (b)*.
- (4) Féadfaidh an Rialtas—
- (a) ceadú a thabhairt, nó
- (b) ceadú a thabhairt, faoi réir cibé modhnú is cuí leis,
- maidir le creat oiriúnúcháin náisiúnta a bheidh curtha faoina bhráid faoin alt seo.
- (5) Féadfaidh an Rialtas, aon tráth, creat oiriúnúcháin náisiúnta a bheidh ceadaithe aige faoin alt seo a athrú nó a athleasú.
- (6) Leagfar creat oiriúnúcháin náisiúnta faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis don Rialtas é a cheadú.
- (7) Ní dhéanfar creat oiriúnúcháin náisiúnta a chur i ngníomh mura mbeidh sé ceadaithe ag an Rialtas de réir an ailt seo.
- (8) Déanfaidh Aire den Rialtas, le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh, aird a thabhairt ar chreat oiriúnúcháin náisiúnta a bheidh ceadaithe ag an Rialtas faoin alt seo.
- (9) San alt seo, tá le “limistéar riaracháin” an bhrí a shanntar dó le hAcht 2001.

Plean oiriúnúcháin earnála

6. (1) Iarrfaidh an Rialtas, laistigh de 3 mhí tar éis creat oiriúnúcháin náisiúnta a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas de réir *alt 5(6)*, ar cibé Airí den Rialtas is cuí leis plean (dá ngairtear “plean oiriúnúcháin earnála” san Acht seo), a dhéanfaidh gach Aire díobh sin den Rialtas chun a ndéanfar an iarraidh sin i ndáil le ní a bhfuil freagracht ar gach Aire díobh sin den Rialtas ina leith, a chur faoi bhráid an Rialtais laistigh de thréimhse shonraithe.
- (2) Sonrófar i bplean oiriúnúcháin earnála na bearta beartais oiriúnúcháin a bheartaíonn an tAire lena mbaineann den Rialtas, agus aird aige nó aici ar an gcreat oiriúnúcháin náisiúnta ceadaithe, a ghlacadh—
- (a) chun a chumasú go mbainfear amach oiriúnú d’éifeachtaí an athraithe aeráide i ndáil leis an ní lena mbaineann an plean oiriúnúcháin earnála, agus
- (b) chun a chumasú go mbainfear amach an cuspóir náisiúnta maidir le haistriú.
- (3) Tráth nach déanaí ná dul in éag do cibé tréimhse a shonróidh an Rialtas, déanfaidh Aire den Rialtas a ndéanfar iarraidh faoi *fho-alt (1)* chuige nó chuici plean oiriúnúcháin earnála agus cuirfidh sé nó sí faoi bhráid an Rialtais é lena cheadú agus, le linn an plean sin a ullmhú, maidir le gach Aire díobh sin den Rialtas—
- (a) rachaidh sé nó sí i gcomhairle le haon Airí eile den Rialtas a shonróidh an tAire faoi *fho-alt (4)*,
- (b) rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an nGníomhaireacht,
- (c) tabharfaidh sé nó sí aird ar an gcreat oiriúnúcháin náisiúnta a bheidh ceadaithe ag an Rialtas agus ar *mhíreanna (a) go (h) d’alt 7(1)*, agus
- (d) rachaidh sé nó sí i gcomhairle leis an gComhairle Chomhairleach.
- (4) Chun críocha an chomhairliúcháin dá dtagraítear i *bhfo-alt (3)(a)* a bheidh le seoladh ag Aire den Rialtas a mbeidh iarraidh déanta chuige nó chuici faoi *fho-alt (1)*, sonróidh an tAire Aire amháin eile den Rialtas nó níos mó a rachaidh an tAire sin den Rialtas i gcomhairle leis nó léi.
- (5) Déanfaidh Aire den Rialtas a mbeidh iarraidh déanta chuige nó chuici faoi *fho-alt (1)*, sula gcuirfidh sé nó sí plean oiriúnúcháin earnála faoi bhráid an Rialtais—
- (a) dréacht den plean oiriúnúcháin earnála a bheartaíonn sé nó sí a dhéanamh a fhoilsiú i cibé slí is cuí leis nó léi,
- (b) fógra a fhoilsiú ar an idirlíon agus i níos mó ná nuachtán amháin a scaiptear sa Stát á iarraidh ar dhaoine den phobal agus ar aon pháirtithe leasmhara aighneachtaí a dhéanamh i scríbhinn i ndáil leis an bplean oiriúnúcháin earnála atá beartaithe, de réir mar a bheidh, laistigh de cibé tréimhse (nach faide ná 2 mhí ó dháta foilsithe an fhógra) a shonrófar san fhógra, agus
- (c) tabharfaidh sé nó sí aird ar aon aighneachtaí a dhéanfar de bhun agus de réir fógra faoi *mhír (b)*.
- (6) Féadfaidh an Rialtas—

- (a) ceadú a thabhairt, nó
 - (b) ceadú a thabhairt, faoi réir cibé modhnuithe is cuí leis,
- maidir le plean oiriúnúcháin earnála a bheidh curtha faoina bhráid faoin alt seo.
- (7) Féadfaidh Aire den Rialtas, aon tráth, plean (dá ngairtear “plean oiriúnúcháin earnála” freisin san alt seo) ag athleasú nó ag ionadú plean oiriúnúcháin earnála ceadaithe a dhéanamh agus a chur faoi bhráid an Aire lena cheadú.
 - (8) Féadfaidh an Rialtas plean oiriúnúcháin earnála a bheidh ceadaithe aige faoin alt seo a athrú nó a athleasú.
 - (9) Ní dhéanfar plean oiriúnúcháin earnála a chur i ngníomh mura mbeidh sé ceadaithe ag an Rialtas de réir an ailt seo.
 - (10) Más rud é, faoi *fho-alt (1)*, go n-iarrfaidh an Rialtas ar an Aire plean oiriúnúcháin earnála a dhéanamh, chun críocha *fho-alt (3)(a)*, rachaidh an tAire i gcomhairle le haon Aire eile den Rialtas is cuí leis nó léi.

Nithe a bheidh le cur i gcuntas, agus comhchomhairle, chun críocha ailt 5 agus 6

- 7. (1) D’fhonn a bhfeidhmeanna faoi *ailt 5* agus *6* a chomhlíonadh, tabharfaidh an tAire agus an Rialtas na nithe seo a leanas i gcuntas:
 - (a) an gá atá ann aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—
 - (i) aon oibleagáid láithreach de chuid an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó aon chomhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in *alt 2*, agus
 - (ii) aon ghealltanais maidir le hoiriúnú is dóigh a dhéanfaidh an Stát sa todhcháí;
 - (b) an gá atá ann forbairt inchothaithe a chur chun cinn;
 - (c) an gá atá ann cuspóirí creata oiriúnúcháin náisiúnta a bhaint amach ar an gcostas is lú don gheilleagar náisiúnta agus bearta a ghlacadh atá costéifeachtach agus nach gcuirfidh ualach míréasúnach ar an Státchiste;
 - (d) comhairle iomchuí eolaíoch nó theicniúil;
 - (e) torthaí aon taighde iomchuí ar éifeachtacht beart maolúcháin agus beart oiriúnúcháin;
 - (f) i gcás go mbeidh pleananna oiriúnúcháin earnála ceadaithe ag an Rialtas faoi *alt 6*, na pleananna oiriúnúcháin earnála is déanaí a ceadáíodh;
 - (g) i gcás go mbeidh creat oiriúnúcháin náisiúnta ceadaithe ag an Rialtas faoi *alt 5*, an creat oiriúnúcháin náisiúnta is déanaí a ceadáíodh; agus
 - (h) aon mholtaí nó comhairle ón gComhairle Chomhairleach.
- (2) (a) D’fhonn a fheidhmeanna faoi *ailt 5* agus *6* a chomhlíonadh, féadfaidh an Rialtas dul i gcomhairle leis an gComhairle Chomhairleach.

- (b) D'fhonn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna faoi *ailt 5* agus *6* a chomhlíonadh, rachaidh an tAire i gcomhairle leis an gComhairle Chomhairleach.

An Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide a bhunú

8. (1) Déanfaidh an tAire, le hordú, lá a cheapadh chun bheith ina lá bunaithe chun críocha an Achta seo.
- (2) An lá bunaithe, beidh comhlacht arna bhunú ar a dtabharfar, sa Ghaeilge, an Chomhairle Chomhairleach um Athrú Aeráide nó, sa Bhéarla, *The Climate Change Advisory Council* (dá ngairtear “Comhairle Chomhairleach” san Acht seo) chun na feidhmeanna a shanntar dó faoin Acht seo a chomhlíonadh.

Comhaltas na Comhairle Comhairlí agus nithe gaolmhara

9. (1) Beidh ar an gComhairle Chomhairleach—
- (a) cathaoirleach, agus
- (b) líon gnáthchomhaltaí nach lú ná 8 agus nach mó ná 10 (lena n-áirítear gnáthchomhaltaí lena mbaineann *fo-alt (2)*).
- (2) Beidh gach duine díobh seo a leanas, *ex officio*, ina ghnáthchomhalta nó ina gnáthchomhalta den Chomhairle Chomhairleach:
- (a) Ard-Stiúrthóir na Gníomhaireachta;
- (b) Príomhfheidhmeannach Fhuinneamh Inmharthana Éireann — Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann;
- (c) Stiúrthóir Teagasc — an tÚdarás Forbartha Talmhaíochta agus Bia; agus
- (d) Stiúrthóir na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta.
- (3) Is é an Rialtas, ar ainmniú ón Aire, a cheapfaidh cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí (seachas gnáthchomhalta lena mbaineann *fo-alt (2)*) na Comhairle Comhairlí.
- (4) (a) Le linn cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí (seachas gnáthchomhaltaí lena mbaineann *fo-alt (2)*) na Comhairle Comhairlí a ainmniú, tabharfaidh an tAire aird ar an raon cáilíochtaí, saineolais agus taithí is gá chun feidhmeanna na Comhairle Comhairlí a chomhlíonadh go cuí agus go héifeachtach.
- (b) Le linn cathaoirleach agus gnáthchomhaltaí (seachas gnáthchomhaltaí lena mbaineann *fo-alt (2)*) na Comhairle Comhairlí a cheapadh, tabharfaidh an Rialtas aird ar an raon cáilíochtaí, saineolais agus taithí is gá chun feidhmeanna na Comhairle Comhairlí a chomhlíonadh go cuí agus go héifeachtach.
- (5) (a) Beidh cathaoirleach na Comhairle Comhairlí i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse nach faide ná 5 bliana a chinnfidh an tAire.
- (b) Beidh gnáthchomhalta (seachas gnáthchomhalta lena mbaineann *fo-alt (2)*) den Chomhairle Chomhairleach i seilbh oifige ar feadh cibé tréimhse nach faide ná 5 bliana a chinnfidh an tAire.

- (6) Faoi réir *fho-alt (7)*, beidh cathaoirleach na Comhairle Comhairlí agus gnáthchomhalta (seachas gnáthchomhalta lena mbaineann *fo-alt (2)*) den Chomhairle Chomhairleach a rachaidh a théarma oifige nó a téarma oifige in éag trí imeacht aimsire in-athcheaptha chun na Comhairle Comhairlí.
- (7) (a) Ní bheidh cathaoirleach a mbeidh 2 théarma oifige curtha isteach aige nó aici in-athcheaptha chun na Comhairle Comhairlí mar chathaoirleach ná mar ghnáthchomhalta.
- (b) Ní bheidh gnáthchomhalta den Chomhairle Chomhairleach (seachas gnáthchomhalta lena mbaineann *fo-alt (2)*) a mbeidh 2 théarma oifige curtha isteach aige nó aici in-athcheaptha chun na Comhairle Comhairlí.
- (8) Beidh comhalta den Chomhairle Chomhairleach i seilbh oifige ar cibé téarmaí agus coinníollacha (lena n-áirítear téarmaí agus coinníollacha i ndáil le liúntais i leith caiteachas) a chinnfidh an tAire le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- (9) Féadfaidh comhalta den Chomhairle Chomhairleach éirí as oifig trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Aire faoina éirí as nó faoina héirí as agus beidh éifeacht leis an éirí as an lá a gheobhaidh an tAire an fógra.
- (10) Féadfaidh an Rialtas, aon tráth—
- (a) cathaoirleach na Comhairle Comhairlí, agus
- (b) gnáthchomhalta (seachas gnáthchomhalta lena mbaineann *fo-alt (2)*) den Chomhairle Chomhairleach,
- a chur as oifig más rud é, i dtuairim an Rialtais, go bhfuil an cathaoirleach, nó an gnáthchomhalta sin, tagtha chun bheith éagumasach, de dheasca easláinte, ar a feidhmeanna nó a feidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach nó gur mhí-iompair sé nó sí é féin nó í féin mar a bheidh sonraithe nó gur dealraitheach don Rialtas gur gá é nó í a chur as oifig chun go gcomhlíonfaidh an Chomhairle Chomhairleach a feidhmeanna go héifeachtach.
- (11) Más rud é, maidir le comhalta den Chomhairle Chomhairleach—
- (a) go n-ainmneofar é nó í mar chomhalta de Sheanad Éireann,
- (b) go dtoghfar é nó í mar chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas nó chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa,
- (c) go measfar, de bhun Chuid XIII den Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, é nó í a bheith tofa chun Parlaimint na hEorpa, nó
- (d) go dtiocfaidh sé nó sí chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta d'údarás áitiúil, scoirfidh sé nó sí, air sin, de bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle Chomhairleach.
- (12) Aon duine a bheidh de thuras na huaire—
- (a) i dteideal, faoi Bhuan-Orduithe ceachtar Tí den Oireachtas, suí sa Teach sin,

- (b) ina chomhalta nó ina comhalta de Pharlaimint na hEorpa, nó
- (c) i dteideal, faoi bhuanorduithe údaráis áitiúil, suí mar chomhalta den údarás sin, beidh sé nó sí, fad a bheidh sé nó sí i dteideal amhlaidh nó ina chomhalta nó ina comhalta den sórt sin, dícháilithe chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle Chomhairleach.
- (13) Scoirfidh comhalta den Chomhairle Chomhairleach de bheith cáilithe le haghaidh oifige agus scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú—
- (a) má bhreithnítear ina fhéimheach nó ina féimheach é nó í,
- (b) má dhéanann sé nó sí imshocraíocht nó comhshocraíocht le creidiúnaithe,
- (c) má chiontaítear é nó í i gcion indíotáilte i ndáil le cuideachta,
- (d) má chiontaítear é nó í i gcion lena ngabhann calaois nó mímhacántacht, cibé acu is i ndáil le cuideachta é nó nach ea,
- (e) má ghearrann cúirt dlínse inniúla téarma príosúnachta air nó uirthi, nó
- (f) má dhéantar, nó má mheastar go ndéantar, ordú faoi alt 160 d'Acht na gCuideachtaí, 1990, nó ordú dícháilíochta de réir bhrí Chaibidil 4 de Chuid 14 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, ina thaobh nó ina taobh.
- (14) (a) Más rud é go n-éagfaidh comhalta den Chomhairle Chomhairleach, go n-éireoidh sé nó sí as oifig, go scoirfidh sé nó sí de bheith cáilithe le haghaidh oifige agus go scoirfidh sé nó sí d'oifig a shealbhú nó go gcuirfear as oifig é nó í, féadfaidh an Rialtas duine a cheapadh chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle Chomhairleach chun an corrfholúntas a tharla amhlaidh a líonadh sa tslí chéanna inar ceapadh an comhalta den Chomhairle Chomhairleach ba chúis leis an gcorrfholúntas.
- (b) Aon duine a cheapfar chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle Chomhairleach de bhun *mhír (a)*, beidh sé nó sí i seilbh oifige ar feadh na tréimhse sin de théarma oifige an chomhalta ba chúis leis an gcorrfholúntas lena mbaineann a bheidh gan chaitheamh ar dháta a cheaptha nó a ceaptha agus, faoi réir an ailt seo, beidh sé nó sí in-athcheaptha mar chomhalta den Chomhairle Chomhairleach ar éag don tréimhse sin.
- (15) Féadfaidh an Chomhairle Chomhairleach gníomhú d'ainneoin folúntas nó folúntais i measc a comhaltaí.
- (16) Féadfaidh an Chomhairle Chomhairleach coistí a bhunú arb iad a bheidh orthu, go hiomlán nó go páirteach, daoine is comhaltaí den Chomhairle Chomhairleach—
- (a) chun cúnaimh agus comhairle a thabhairt di i ndáil le haon cheann nó gach ceann dá feidhmeanna a chomhlíonadh, agus
- (b) chun cibé feidhmeanna de chuid na Comhairle Comhairlí a tharmligfidh sí chun an choiste le toiliú an Aire a chomhlíonadh.

(17) Beidh cathaoirleach coiste arna bhunú faoi *fho-alt (16)* ina chomhalta nó ina comhalta (seachas gnáthchomhalta lena mbaineann *fo-alt (2)*) den Chomhairle Chomhairleach.

(18) Maidir leis an nGníomhaireacht—

- (a) soláthróidh sí don Chomhairle Chomhairleach cibé seirbhísí de chineál rúnaíochta agus riaracháin is cuí chun go gcomhlíonfaidh an Chomhairle Chomhairleach a feidhmeanna, agus
- (b) ceadóidh sí don Chomhairle Chomhairleach leas a bhaint as a háitreabh, nó as cibé cuid dá háitreabh a mheasfar, tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Chomhairleach agus leis an nGníomhaireacht, a bheith cuí chun go gcomhlíonfaidh an Chomhairle Chomhairleach a feidhmeanna.

Leasanna a nochtadh

10. (1) I gcás, ag cruinniú den Chomhairle Chomhairleach nó de choiste, go mbeidh ag comhalta den Chomhairle Chomhairleach a bheidh i láthair ag an gCruinniú, seachas ina cháil nó ina cáil mar chomhalta den sórt sin, leas ábhartha in aon ní a bheidh le breithniú ag an gComhairle nó ag an gcoiste, maidir leis an gcomhalta sin—

- (a) nochtfaidh sé nó sí don Chomhairle Chomhairleach, nó don choiste, ag an gCruinniú go bhfuil an leas sin aige nó aici agus nochtfaidh sé nó sí cineál an leasa sin,
- (b) ní imreoidh sé nó sí aon tionchar, ná ní fhéachfaidh sé nó sí le haon tionchar a imirt, ar bhreith a bheidh le tabhairt i ndáil leis an ní,
- (c) ní bheidh sé nó sí i láthair ag an gCruinniú nó ag an gcuid sin den chruinniú ar lena linn a phléifear an ní,
- (d) ní ghlacfaidh sé nó sí aon pháirt in aon bhreithniú a dhéanfaidh an Chomhairle Chomhairleach, nó an coiste, maidir leis an ní, agus
- (e) ní vótálfaidh sé nó sí ar bhreith a bhaineann leis an ní.

(2) I gcás go ndéanfar leas ábhartha a nochtadh de bhun an ailt seo, déanfar an nochtadh a thairfeadh i miontuairiscí an chruinnithe lena mbaineann.

(3) Más rud é, ag cruinniú den Chomhairle Chomhairleach, go n-eascróidh ceist i dtaobh arbh ionann nó nárbh ionann iompar áirithe ag comhalta den Chomhairle Chomhairleach, dá ndéanfadh sé nó sí dá réir, agus mainneachtain aige nó aici ceanglais *fho-alt (1)* a chomhlíonadh, féadfaidh cathaoirleach an chruinnithe, faoi réir *fho-alt (4)*, an cheist a chinneadh, agus is breith chríochnaitheach a bheidh i mbreith an chathaoirligh, agus i gcás go gcinneadh ceist den sórt sin amhlaidh, déanfar sonraí an chinnidh a thairfeadh i miontuairiscí an chruinnithe.

(4) I gcás, ag cruinniú den Chomhairle Chomhairleach nó de choiste, gurb é nó í cathaoirleach an chruinnithe an comhalta ar ina leith a bheidh ceist lena mbaineann *fo-alt (3)* le cinneadh, ansin déanfaidh na comhaltaí eile den Chomhairle Chomhairleach a bheidh ag freastal ar an gCruinniú duine dá líon a roghnú chun

bheith ina chathaoirleach nó ina cathaoirleach ar an gcruinniú chun an cheist lena mbaineann a chinneadh.

(5) I gcás gur deimhin leis an Rialtas gur sháraigh comhalta den Chomhairle Chomhairleach *fo-alt (1)*, féadfaidh an Rialtas, más cuí leis é, an comhalta sin a chur as oifig agus, i gcás duine a chuirfear as oifig de bhun an fho-ailt seo, beidh sé nó sí dícháilithe as sin amach chun bheith ina chomhalta nó ina comhalta den Chomhairle Chomhairleach.

(6) San alt seo—

ciallaíonn “coiste” coiste dá dtagraítear in *alt 9(16)*;

forléireofar “leas ábhartha” de réir alt 2(3) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995.

Feidhmeanna ginearálta na Comhairle Comhairlí

11. (1) Is iad feidhmeanna na Comhairle Comhairlí comhairle agus moltaí a thabhairt—

(a) don Aire i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(i) plean maolúcháin náisiúnta a ullmhú,

(ii) creat oiriúnúcháin náisiúnta a ullmhú, agus

(iii) aon oibleagáid láithreach de chuid an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó aon chomhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in *alt 2* a chomhlíonadh,

(b) d’Aire den Rialtas i ndáil leis na nithe seo a leanas—

(i) bearta maolúcháin earnála a bheidh le háireamh i bplean maolúcháin náisiúnta de bhun *alt 4(2)(d)* a chur faoi bhráid an Aire, agus

(ii) é nó í do dhéanamh plean oiriúnúcháin earnála,

(c) don Rialtas i ndáil leis na nithe seo a leanas a cheadú—

(i) plean maolúcháin náisiúnta,

(ii) creat oiriúnúcháin náisiúnta, agus

(iii) plean oiriúnúcháin earnála,

agus

(d) don Rialtas, don Aire agus d’aon Aire eile den Rialtas maidir le haon bheartas den Rialtas, nó maidir le haon bheartas a bheartaítear a chur faoi bhráid an Rialtais lena cheadú, is beartas a bhaineann leis na nithe seo a leanas—

(i) astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus

(ii) oiriúnú d’éifeachtaí an athraithe aeráide sa Stát.

(2) D’fhonn a feidhmeanna a chomhlíonadh, féadfaidh an Chomhairle Chomhairleach—

(a) cibé faisnéis a mheasfaidh sí is gá nó is cuí a bhailiú, agus

(b) bualadh agus dul i gcomhairle le cibé daoine (lena n-áirítear daoine den phobal) is cúí léi.

(3) Beidh an Chomhairle Chomhairleach neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Athbhreithniú bliantúil ag an gComhairle Chomhairleach agus tuarascáil bhliantúil uaithi

12. (1) Déanfaidh an Chomhairle Chomhairleach—

(a) athbhreithniú (dá ngairtear “an t-athbhreithniú bliantúil” san alt seo) a sheoladh i ngach bliain ar an dul chun cinn atá déanta le linn na bliana díreach roimhe sin maidir le laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach agus maidir le haistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, aeráid-díonach agus inchothaithe ó thaobh an chomhshaoil de a chur chun cinn, agus

(b) tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis an t-athbhreithniú bliantúil a chríochnú, tuarascáil (dá ngairtear an “tuarascáil bhliantúil” san alt seo) maidir lena fionnachtana agus lena moltaí de dhroim an athbhreithnithe bhliantúil sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

(2) Gan dochar do ghinearáltacht *fho-alt (1)*, beidh sa tuarascáil bhliantúil—

(a) coimriú ar na fionnachtana a bheidh leagtha amach san fhardal náisiúnta astaíochtaí gás ceaptha teasa is déanaí a bheidh ullmhaithe ag an nGníomhaireacht,

(b) coimriú ar an réamh-mheastachán is déanaí a bheidh ullmhaithe ag an nGníomhaireacht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa todhchaí,

(c) cibé moltaí, a mheasfaidh an Chomhairle Chomhairleach is gá nó is cúí, i ndáil leis an tslí is costéifeachtaí chun laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaint amach d’fhonn a chumasú go mbainfear amach an cuspóir náisiúnta maidir le haistriú,

(d) cibé moltaí, a mheasfaidh an Chomhairle Chomhairleach is gá nó is cúí, i ndáil le hoibleagáid láithreach de chuid an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó comhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in *alt 2* a chomhlíonadh,

(e) cibé moltaí eile nó comhairle eile a mheasfaidh an Chomhairle Chomhairleach is gá nó is cúí d’fhonn a chumasú go mbainfear amach an cuspóir náisiúnta maidir le haistriú, agus

(f) coimriú—

(i) ar ghníomhaíochtaí na Comhairle Comhairlí faoi *alt 11(2)*, agus

(ii) ar aon fhaisnéis arna bailiú de réir *alt 11(2)*.

(3) Déanfaidh an Chomhairle Chomhairleach, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis tuarascáil bhliantúil a chur faoi bhráid an Aire faoin alt seo, an tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar cibé modh a chomhairleoidh an Gníomhaireacht.

Athbhreithniú tréimhsiúil ag an gComhairle Chomhairleach

13. (1) Déanfaidh an Chomhairle Chomhairleach, tráth nach déanaí ná 18 mí tar éis an lae bunaithe, athbhreithniú (dá ngairtear “athbhreithniú tréimhsiúil” san Acht seo) a sheoladh ar na nithe seo a leanas—
- (a) an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le hoibleagáidí an Stáit a chomhlíonadh faoi Chinneadh Uimh. 406/2009/CE an 23 Aibreán 2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hiarracht Ballstát a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoi chomhair ghealltanais an Chomhphobail ar aghaidh go dtí 2020 astú gás ceaptha teasa a laghdú, agus
- (b) an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le baint amach an chuspóra náisiúnta maidir le haistriú a chur chun cinn.
- (2) Féadfaidh an Chomhairle Chomhairleach, aon tráth a mheasfaidh sí is cuí é ag féachaint do na nithe seo a leanas—
- (a) aon fhorbairtí suntasacha a bhaineann le fios na heolaíochta i ndáil leis an athrú aeráide,
- (b) aon fhorbairtí suntasacha ar dhlí an Aontais Eorpaigh nó ar an dlí idirnáisiúnta a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a rialú agus a laghdú nó le hoiriúnú d’éifeachtaí an athraithe aeráide, nó
- (c) an gá atá ann leanúint leis an dul chun cinn atá déanta chun a chumasú go mbainfear amach an cuspóir náisiúnta maidir le haistriú, athbhreithniú (dá ngairtear “athbhreithniú tréimhsiúil” freisin san Acht seo) a sheoladh ar na nithe seo a leanas—
- (i) an dul chun cinn a bheidh déanta maidir le baint amach an chuspóra náisiúnta maidir le haistriú a chur chun cinn,
- (ii) an plean maolúcháin náisiúnta, an creat oiriúnúcháin náisiúnta agus na pleananna oiriúnúcháin earnála is déanaí a ceadaíodh, agus
- (iii) cur i ngníomh na bpleananna agus an chreata dá dtagraítear i *mír (ii)*.
- (3) Féadfaidh an tAire a iarraidh ar an gComhairle Chomhairleach athbhreithniú tréimhsiúil a sheoladh ar na nithe dá dtagraítear i *míreanna (i), (ii)* agus *(iii) d’fho-alt (2)* agus aird a thabhairt, le linn di an t-athbhreithniú a dhéanamh, ar *mhíreanna (a), (b)* agus *(c)* den fho-alt sin.
- (4) Déanfaidh an Chomhairle Chomhairleach, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis iarraidh faoi *fho-alt (3)* a fháil—
- (a) athbhreithniú tréimhsiúil a thionscnamh, nó
- (b) i gcás go mbeidh sí den tuairim nach gá athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ag féachaint do *mhíreanna (a), (b)* agus *(c) d’fho-alt (2)*, fógra a thabhairt don Aire faoina tuairim agus faoi na cúiseanna atá leis an tuairim sin.
- (5) Déanfaidh an Chomhairle Chomhairleach, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis athbhreithniú tréimhsiúil a chríochnú, tuarascáil (dá ngairtear “tuarascáil ar

athbhreithniú tréimhsiúil” san Acht seo) maidir lena fionnachtana agus lena moltaí de dhroim an athbhreithnithe sin a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Aire.

- (6) Cuirfidh an tAire faoi deara, a luaithe is féidir tar éis tuarascáil ar athbhreithniú tréimhsiúil a fháil, an tuarascáil a chur faoi bhráid an Rialtais.
- (7) Áireofar i dtuarascáil ar athbhreithniú tréimhsiúil—
- (a) i gcás go n-ullmhófar í de dhroim athbhreithniú tréimhsiúil faoi *fho-alt (2)* nó *(3)*, ráiteas maidir leis an gcúis atá leis an athbhreithniú tréimhsiúil a sheoladh,
- (b) breithniú ar an gcuspóir náisiúnta maidir le haistriú agus ar aon ní a bhaineann leis an gcuspóir sin agus is cú leis an gComhairle Chomhairleach,
- (c) i ndáil le hoibleagáid láithreach de chuid an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó comhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in *alt 2*—
- (i) breithniú ar chomhlíonadh na hoibleagáide sin agus aon nithe a bhaineann leis an oibleagáid sin is cú leis an gComhairle Chomhairleach, agus
- (ii) cibé comhairle nó moltaí i ndáil leis an gcomhlíonadh sin is cú leis an gComhairle Chomhairleach,
- (d) cibé comhairle nó moltaí is cú leis an gComhairle Chomhairleach i ndáil leis na nithe seo a leanas—
- (i) an plean maolúcháin náisiúnta, agus
- (ii) an creat oiriúnúcháin náisiúnta nó plean oiriúnúcháin earnála,
- agus
- (e) cibé comhairle eile nó moltaí eile a mheasfaidh an Chomhairle Chomhairleach is gá nó is cú—
- (i) chun an beartas náisiúnta maidir leis an athrú aeráide a fhorbairt agus a chur i ngníomh, agus
- (ii) i ndáil le hoibleagáidí is dóigh a bheidh ar an Stát sa todhchaí faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó comhaontú idirnáisiúnta.
- (8) Déanfaidh an Chomhairle Chomhairleach, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis tuarascáil ar athbhreithniú tréimhsiúil a chur faoi bhráid an Aire de réir an ailt seo, an tuarascáil a fhoilsíú ar cibé modh a chomhairleoidh an Ghníomhaireacht.

Ráiteas bliantúil i dtaobh aistriú a thíolacadh do gach Teach den Oireachtas

- 14.** (1) Déanfar ráiteas bliantúil i dtaobh aistriú, de réir an ailt seo, a thíolacadh do gach Teach den Oireachtas tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis an tAcht seo a rith, agus tráth nach déanaí ná gach dáta dá éis sin arb é cothrom bliana an dáta rite sin é.
- (2) Is é a bheidh i ráiteas bliantúil i dtaobh aistriú, i ndáil leis an mbliain díreach roimh an mbliain ina dtíolacfar an ráiteas—

- (a) ráiteas (dá ngairtear “ráiteas náisiúnta bliantúil i dtaobh aistriú” san Acht seo) a thíolacfaidh an tAire do gach Teach den Oireachtas agus áireofar sa ráiteas sin na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (4)(a)*,
- (b) ráiteas (dá ngairtear “ráiteas earnála bliantúil i dtaobh an aistrithe chuig maolú” san Acht seo) a thíolacfaidh gach Aire den Rialtas lena mbaineann *fo-alt (3)* do gach Teach den Oireachtas agus áireofar i ngach ráiteas den sórt sin na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (4)(b)*, agus
- (c) má dhéantar iarraidh faoi *fho-alt (5)*, ráiteas (dá ngairtear “ráiteas earnála bliantúil i dtaobh an aistrithe chuig oiriúnú” san Acht seo) a thíolacfaidh gach Aire den Rialtas a ndéanfar an iarraidh sin chuige nó chuici do gach Teach den Oireachtas agus áireofar i ngach ráiteas den sórt sin na nithe a shonraítear i *bhfo-alt (4)(c)*.
- (3) Chun críocha *fho-alt (2)(b)*, tá feidhm ag an bhfo-alt seo maidir le gach Aire den Rialtas a mbeidh bearta maolúcháin earnála curtha faoi bhráid an Aire aige nó aici de réir *alt 4(3)(b)*, is bearta a bheidh ar áireamh, de bhun *alt 4(2)(d)*, sa phlean maolúcháin náisiúnta is déanaí a ceadaíodh.
- (4) Chun críocha *fho-alt (2)*—
- (a) áireofar i ráiteas náisiúnta bliantúil i dtaobh aistriú—
- (i) forbhreathnú ar na bearta beartais maolúcháin a bheidh glactha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú d’fhonn a chumasú go mbainfear amach an cuspóir náisiúnta maidir le haistriú,
- (ii) forbhreathnú ar na bearta beartais oiriúnúcháin a bheidh glactha d’fhonn a chumasú don Stát oiriúnú d’éifeachtaí an athraithe aeráide agus chun a chumasú an cuspóir náisiúnta maidir le haistriú a bhaint amach,
- (iii) taifead ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheidh leagtha amach san fhardal náisiúnta astaíochtaí gás ceaptha teasa is déanaí a bheidh ullmhaithe ag an nGníomhaireacht,
- (iv) réamh-mheastachán a bheidh ullmhaithe ag an nGníomhaireacht ar astaíochtaí gás ceaptha teasa sa todhchaí, agus
- (v) tuarascáil ar an Stát do chomhlíonadh aon oibleagáid láithreach de chuid an Stáit faoi dhlí an Aontais Eorpaigh nó comhaontú idirnáisiúnta dá dtagraítear in *alt 2*,
- (b) áireofar i ráiteas earnála bliantúil i dtaobh an aistrithe chuig maolú—
- (i) taifead ar na bearta maolúcháin earnála a bheidh glactha ag an Aire den Rialtas a thíolacfaidh an ráiteas earnála bliantúil lena mbaineann i dtaobh an aistrithe chuig maolú, agus
- (ii) measúnú ar éifeachtacht na mbearta maolúcháin earnála dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* maidir lena gcuspóir a bhaint amach,
- agus

- (c) áireofar i ráiteas earnála bliantúil i dtaobh an aistrithe chuig oiriúnú—
- (i) taifead ar na bearta beartais oiriúnúcháin a bheidh glactha ag an Aire den Rialtas a thíolacfaidh an ráiteas earnála bliantúil lena mbaineann i dtaobh an aistrithe chuig oiriúnú, agus
 - (ii) measúnú ar éifeachtacht na mbeart beartais oiriúnúcháin dá dtagraítear i *bhfomhír (i)* maidir lena gcuspóir a bhaint amach.
- (5) I gcás, ag féachaint do na ceanglais maidir le hoiriúnú i ndáil le héifeachtaí an athraithe aeráide agus don chuspóir náisiúnta maidir le haistriú a chur chun cinn, gur cuí leis an Aire é, féadfadh an tAire, in aon bhliain, a iarraidh ar Aire den Rialtas—
- (a) a mbeidh iarraidh faoi *alt 6(1)* déanta chuige nó chuici chun plean oiriúnúcháin earnála a dhéanamh, nó
 - (b) a mbeidh plean oiriúnúcháin earnála déanta aige nó aici, de réir *alt 6*,
- ráiteas earnála bliantúil i dtaobh an aistrithe chuig oiriúnú a thíolacadh do gach Teach den Oireachtas.
- (6) I gcás—
- (a) go mbeidh iarraidh faoi *alt 6(1)* déanta chuig an Aire chun plean oiriúnúcháin earnála a dhéanamh nó go mbeidh plean oiriúnúcháin earnála déanta ag an Aire, de réir *alt 6*, agus
 - (b) gur cuí leis an Aire é ag féachaint do na ceanglais maidir le hoiriúnú i ndáil le héifeachtaí an athraithe aeráide agus don chuspóir náisiúnta maidir le haistriú a chur chun cinn,
- féadfadh an tAire, in aon bhliain, ráiteas earnála bliantúil i dtaobh an aistrithe chuig oiriúnú a thíolacadh do gach Teach den Oireachtas, agus forléireofar tagairtí san alt seo d'iarraidh faoi *fho-alt (5)* mar thagairtí a fholaíonn plean oiriúnúcháin earnála arna thíolacadh de réir an fho-ailt seo.

Dualgais comhlachtaí áirithe

15. (1) Déanfaidh comhlacht iomchuí, i gcomhlíonadh a fheidhmeanna, aird a thabhairt ar na nithe seo a leanas—
- (a) an plean maolúcháin náisiúnta is déanaí a ceadáíodh,
 - (b) an creat oiriúnúcháin náisiúnta agus na pleananna oiriúnúcháin earnála is déanaí a ceadáíodh,
 - (c) an cuspóir náisiúnta maidir le haistriú a chur chun cinn, agus
 - (d) an cuspóir arb éard é astaíochtaí gás ceaptha teasa a mhaolú agus oiriúnú d'éifeachtaí an athraithe aeráide sa Stát.
- (2) Féadfadh an tAire iomchuí, ó am go ham, ordachán a thabhairt do chomhlacht iomchuí á cheangal air tuarascáil a ullmhú, agus a chur faoina bhráid nó faoina bráid, laistigh de cibé tréimhse a shonrófar san ordachán, is tuarascáil ina sonrófar—

- (a) na bearta a bheidh glactha ag an gcomhlacht iomchuí chun go gcomhlíonfaidh an comhlacht iomchuí sin *fo-alt (1)*, agus
- (b) an dul chun cinn a bheidh déanta ag an gcomhlacht iomchuí i gcomhlíonadh a fheidhmeanna sa tslí dá dtagraítear san fho-alt sin.
- (3) Féadfaidh an tAire iomchuí, ó am go ham, ordachán a thabhairt do chomhlacht iomchuí á cheangal air cibé bearta a shonrófar san ordachán a ghlacadh chun go gcomhlíonfaidh an comhlacht iomchuí *fo-alt (1)*.
- (4) Comhlíonfaidh comhlacht iomchuí ordachán faoin alt seo.
- (5) San alt seo—
- ciallaíonn “Acht 2014” an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014;
- tá le “comhlacht forordaithe” an bhrí chéanna atá leis in Acht 2014;
- tá le “comhlacht poiblí” an bhrí chéanna atá leis in Acht 2014;
- ciallaíonn “comhlacht iomchuí”—
- (a) comhlacht forordaithe, agus
- (b) comhlacht poiblí;
- ciallaíonn “Aire iomchuí”, i ndáil le comhlacht iomchuí—
- (a) is comhlacht poiblí—
- (i) dá dtagraítear in alt 6(1)(a) d’Acht 2014, an tAire den Rialtas atá i bhfeighil na Roinne Stáit lena mbaineann,
- (ii) dá dtagraítear in alt 6(1)(b) d’Acht 2014, cibé Aire den Rialtas a ainmneoidh an Rialtas i ndáil leis an gcomhlacht poiblí sin,
- (iii) dá dtagraítear in alt 6(1)(c) d’Acht 2014 agus—
- (I) a bhunaigh nó a cheap an Rialtas, cibé Aire den Rialtas a ainmneoidh an Rialtas i ndáil leis an gcomhlacht poiblí sin, nó
- (II) a bhunaigh nó a cheap Aire den Rialtas, an tAire den Rialtas a bhunaigh nó a cheap an comhlacht poiblí lena mbaineann,
- (iv) dá dtagraítear i mír (d) nó (e) d’alt 6(1) d’Acht 2014, cibé Aire den Rialtas a ainmneoidh an Rialtas i ndáil leis an gcomhlacht poiblí sin,
- (v) dá dtagraítear in alt 6(1)(f) d’Acht 2014, atá faoi rialú go díreach nó go neamhdhíreach ag ceann díobh seo a leanas—
- (I) comhlacht poiblí lena mbaineann *fomhír (ii)* nó *(iv)*, cibé Aire den Rialtas a ainmneoidh an Rialtas i ndáil leis an gcomhlacht poiblí sin,
- (II) comhlacht poiblí lena mbaineann *fomhír (iii)(I)*, cibé Aire den Rialtas a ainmneoidh an Rialtas i ndáil leis an gcomhlacht poiblí sin, nó

(III) comhlacht poiblí lena mbaineann *fomhír (iii)(II)*, an tAire den Rialtas a bhunaigh nó a cheap an comhlacht poiblí dá dtagraítear in alt 6(1)(c) d'Acht 2014,

(vi) dá dtagraítear in alt 6(1)(g) d'Acht 2014, an tAire Oideachais agus Scileanna,

(vii) dá dtagraítear in alt 6(1)(h) d'Acht 2014 (seachas comhlacht poiblí dá dtagraítear i *bhfomhíreanna (i) go (iv)*), cibé Aire den Rialtas a ainmneoidh an Rialtas i ndáil leis an gcomhlacht poiblí sin, agus

(viii) dá dtagraítear i mír (a) nó (b) d'alt 6(2) d'Acht 2014 (seachas comhlacht poiblí dá dtagraítear i *bhfomhíreanna (i) go (iv)*), cibé Aire den Rialtas a ainmneoidh an Rialtas i ndáil leis an gcomhlacht poiblí sin,

agus

(b) is comhlacht forordaithe, cibé Aire den Rialtas a ainmneoidh an Rialtas i ndáil leis an gcomhlacht poiblí sin.

Gearrtheideal

16. Féadfar an tAcht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 a ghairm den Acht seo.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2.
(Teil: 01 - 6476834 nó 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2.
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 01 - 6476843)
or through any bookseller.

€3.81

